# DAONÁIREAMH 2022

## STRAITÉIS SCAIPTHE

CENSUS
3 APRIL 2022

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

## Clár ábhar

**Daonáireamh 2022** ........ **3**
**Comhairliúchán poiblí maidir le hábhar agus le torthaí** ........ **3**
**1. Réamhfhoilseachán Daonra** ........ **3**
**2. Foilseacháin Théamacha an Daonáirimh 2022 & Táblaí Gréasáin** ........ **4**
**3. Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS)** ........ **4**
**4. Táblúcháin Speisialta** ........ **5**
**5. Comhaid Mhichreashonraí Taighde (RMFs)** ........ **5**
5.1: Áit Oibre, an Scoil, an Coláiste, Taifid Anaithnidithe (POWSCAR) ........ 5
5.2: Comhad Micreashonraí Randamach 10% ........ 6
5.3: Comhad Micreashonraí Taighde Fadaimseartha ........ 6
**6. Riachtanais an AE** ........ **6**
**7. Comhfhoilseachán de chuid na hÉireann agus Thuaisceart Éireann** ........ **7**
**8. Forbairtí Nua do Dhaonáireamh 2022** ........ **7**
8.1 Úsáid mhéadaithe de Shonraí Riaracháin ........ 7
8.2 Rialáil um Nochtadh Staidrimh ........ 7
8.3 Teorainneacha & Lonnaíochtaí ........ 8
**9. Riachtanais úsáideoirí breise** ........ **8**
**10. Amchlár** ........ **8**

## Daonáireamh 2022

Reáchtálfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an chéad daonáireamh eile in Éirinn ar 3 Aibreán, 2022. Bhí an daonáireamh screidealta don bhliain 2021 ach bheartaigh an rialtas é a chur siar ar feadh bliain amháin de bharr tionchar na paindéime Covid-19[1].

Is mórfhiontar staitisticiúil agus lóistíochtúil é an daonáireamh. Cuireann sé eolas ardchaighdeáin agus iontaofa ar fáil maidir le cúrsaí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha a bhaineann le daonra na hÉireann. Soláthraítear an t-eolas seo do réimse leathan de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht déanta beartas, taighdeoirí, eagraíochtaí idirnáisiúnta, grúpaí deonacha & pobail, agus baill den phobal. Ina theannta sin, faoi rialacháin an AE, is riachtanas é daonáireamh a reáchtáil[2].

## Comhairliúchán poiblí maidir le hábhar agus le torthaí

Mar chuid de chomhairliúchán poiblí a seoladh i nDeireadh Fómhair 2017, d'iarr an CSO ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach maidir le hábhar an cheistneora do Dhaonáireamh 2022. Fuarthas os cionn 400 aighneacht ó raon leathan d'eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair, agus thionóil an CSO Grúpa Comhairleach Daonáirimh ina raibh sainúsáideoirí sonraí, mar chabhair chun cinntí a dhéanamh i dtaca le ceisteanna nua agus ceisteanna leasuithe ar chóir triail a bhaint astu sa Suirbhé Píolótach Daonáirimh a reáchtáladh i Meán Fómhair 2018. Nuair a bhí an Staidéar Píolótach críochnaithe, tionóladh an Grúpa Comhairleach Daonáirimh arís chun torthaí an Staidéir a mheas agus chun cuidiú leis an CSO moltaí a dhéanamh don rialtas ar ábhar an cheistneora. D'fhaomh an rialtas an t-ábhar i mí Iúil 2019. Tá tuilleadh eolais ar an bpróiseas comhairliúcháin seo le fáil ag an nasc seo: https://www.cso.ie/en/baile/daonaireamh/comhairliuchan2021/

Chun riachtanais úsáideoirí a mheas i dtaca le haschur sonraí a eascróidh as Daonáireamh 2022, sheol an CSO comhairliúchán poiblí eile i mí Feabhra 2020[3]. San fhoilseachán seo, taifeadaítear, ag leibhéal ard, na torthaí a bhfuil sé i gceist ag an CSO iad a sholáthar as Daonáireamh 2022. Mar chuid den chomhairliúchán seo, cuireadh in iúl riachtanais na n-úsáideoirí, agus is iad a d'éascaigh an foilseachán seo. Beidh an straitéis ag brath ar shrianta na paindéime agus tá éiginnteacht ag baint le tionchar agus forbairt na paindéime ag an gcéim seo.

## 1. Réamhfhoilseachán Daonra

Beidh an CSO ag foilsiú réamhchomhaireamh daonra bunaithe ar theailí an n-áiritheoirí tráth nach déanaí ná deireadh mhí an Mheithimh 2022. Áireofar sa chomhaireamh seo an daonra de facto ag leibhéal náisiúnta, leibhéal an chontae, agus leibhéal na toghroinne d'fhireannaigh agus do bhaineannaigh. Áireoidh sé freisin eolas ar thithíocht, lena n-áirítear tithíocht gan áitiú.

1 https://www.cso.ie/en/baile/daonaireamh/daonaireamh2022/daonaireamh2022ceisteannacoitianta/
2 Rialachán ón gCoimisiún (an tAontas Eorpach) 2017/712 an 20 Aibreán 2017
3 https://www.cso.ie/en/baile/daonaireamh/comhairliuchan2021/

Beidh an t-eolas san fhoilseachán seo sealadach agus cuirfear na torthaí daonáirimh oifigiúla ina n-áit nuair a scaoilfear iad sa bhliain 2023.

## 2. Foilseacháin Théamacha an Daonáirimh 2022 & Táblaí Gréasáin

Díreoidh an clár scaipthe go príomha ar fhoilseacháin théamacha an Daonáirimh 2022. I ngach foilseachán a eiseofar déanfar léirmhíniú agus anailís ar an téama faoi chaibidil. Déanfar comparáid le daonáirimh roimhe seo, agus soláthrófar anailís ina ionchorprófar athróga daonáirimh gaolmhara, graif agus mapaí téamacha. Sa bhliain 2022 foilseoidh an CSO liosta de na téamaí a áireofar sna heisiúintí seo.

Bunófar na heisiúintí téamacha ó Dhaonáireamh 2022 ar na foirmeacha daonáirimh atá próiseáilte go hiomlán, agus léireofar iontu torthaí oifigiúla an daonáirimh. Táthar ag súil go gcuirfear tús leo i ráithe a dó sa bhliain 2023 agus beidh siad ar fáil mar r-eisiúintí ar www.cso.ie.

In éineacht le gach eisiúint, cuirfidh an CSO réimse leathan de shonraí tacaíochta ar fáil trína tháblaí ilathráideacha, Px-Stat, ar https://data.cso.ie/ Cuirfidh sé seo ar chumas úsáideoirí táblaí a athchruthú sna heisiúintí agus a dtáblúcháin féin a chruthú chomh maith. Tacaíonn Px-Stat le formáidí PX, CSV agus ISON-stat chun sonraí a íoslódáil. Beidh comhéadan nua agus API ag Px-Stat chomh maith le saoráidí nua cuardaigh agus scagaire.

## 3. Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga (SAPS)

Cuirfear staitisticí téamacha mionsonraithe ar fáil do cheantair éagsúla, trí chomhéadan mapála fhísiúil agus i bhformáidí sonraí oscailte (JSON-Stat, PX, XLSX, CSV). Is é an t-aonad tíreolaíochta is lú a chuirfear ar fáil ná na Ceantair Bheaga. Soláthrófar freisin staitisticí téamacha do phríomhcheantair, lena n-áirítear toghranna, toghlimistéir áitiúla, contaetha agus cúigí. Den chuid is mó, beidh na téamaí sna SAP ar aon dul leis an méid a soláthraíodh ó Dhaonáireamh 2016[4] ach beidh an deis ann eolas a sholáthar maidir le ceisteanna nua a cuireadh leis an bhfoirm dhaonáirimh do 2022.

Mar a tharla sa bhliain 2016, tá sé i gceist ag an CSO staitisticí mionsonraithe ó Dhaonáireamh 2022 a sholáthar, a bhainfidh leis an tithíocht ar bhonn ceantair bheaga. Táthar ag súil go

[4] https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/

mbeidh sonraí breise ar fáil d'úsáideoirí maidir le tithe folmha agus na cúiseanna a bhaineann leis seo, nuair a bheidh feabhas curtha ar an oibríocht allamuigh.

## 4. Táblúcháin Speisialta

Beidh táblúcháin speisialta ar fáil i gcónaí ar bhonn ad hoc d'úsáideoirí, sa chás nach bhfreastalaíonn na sonraí táblacha foilsithe ar a gcuid riachtanas. Beidh gach iarratas a dhéantar ar thtáblúchán speisialta faoi réir modhanna rialála maidir le nochtadh staitisticiúil, agus sochtófar luachanna nach bhfuil sábháilte.

## 5. Comhaid Mhichreashonraí Taighde (RMFs)

Faoi fhorálacha an Achta Staidrimh, 1993, is féidir leis an CSO rochtain a sholáthar ar chomhaid mhicreashonraí faoi choinníollacha dochta a chinnteoidh go gcoimeádtar slán agus faoi rún na sonraí a bhailítear faoin Acht. Tugtar rochtain ar mhicreashonraí as cúiseanna eolaíochta agus staitisticiúil amháin. Is gnéith den chlár í torthaí daonáirimh RMF a chur ar fáil do thaighdeoirí, rud atá ag tarlú le fada anois. Do Dhaonáireamh 2022, tá sé i gceist ag an CSO na príomhthorthaí micreashonraí, a bhfuil taithí ag úsáideoirí orthu, a athchruthú, agus ag an am céanna torthaí nuálaíocha nua a thabhairt isteach de bhun iarratas a fuarthas ó úsáideoirí le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

### 5.1: Áit Oibre, an Scoil, an Coláiste, Taifid Anaithnidithe (POWSCAR)

Soláthrófar an tacar sonraí POWSCAR[5] arís agus beidh sé ar fáil do thaighdeoirí agus d'eagraíochtaí ceadaithe. Áireofar sonraí leanaí réamhscoile atá ag freastal ar chúram leanaí sa chomhad do Dhaonáireamh 2022, rud nach raibh ar fáil i nDaonáireamh 2016.

[5] https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/powscar/

### 5.2: Comhad Micreashonraí Randamach 10%

Beidh sampla randamach teaghlaigh anaithnidithe 10% ar fáil go poiblí arís. Sa bhliain 2016 scaoileadh an sampla seo via an suíomh gréasáin IPUMS[6].

### 5.3: Comhad Micreashonraí Taighde Fadaimseartha

Baintear úsáid as comhaid mhicreashonraí fadaimseartha go forleathan i measc taighdeoirí i roinnt tíortha, lena n-áirítear an Astráil, Albain, agus an Nua-Shéalainn. Sna comhaid mhicreashonraí seo, nasctar sampla daoine le chéile ar chomhaid dhaonáirimh le himeacht aimsire. Mar thoradh ar aighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí, tá sé i gceist ag an CSO an chéad chomhad micreashonraí daonáirimh fadaimseartha d'Éirinn a sholáthar. Ar dtús, áireofar sampla de dhaoine ó dhaonáireamh 2022 agus ó dhaonáireamh 2016. Scrúdófar an féidir nasc a chruthú leis an gcomhad ó Dhaonáireamh 2011.

## 6. Riachtanais an AE

Baineann riachtanais sonraí AE éigeantacha le gach tréimhse daonáireamh deichbhliantúil agus ní mór do gach ballstát iad a chomhlíonadh. I gceist leis na riachtanais don timthriall daonáirimh seo tá (1) hipirchiúib shonraí, (2) Sonraí cearnóg eangaí 1km agus (3) Hipirchiúib Cáilíochta. Tá an CSO ag súil na sonraí riachtanacha seo a sholáthar do Eurostat faoi R1 2024. Toisc gur cuireadh siar an daonáireamh sa bhliain 2021, beidh ar an CSO modhanna staidrimh a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na sonraí a chuirtear ar aghaidh go dtí Eurostat, riachtanais an AE. Leagtar síos sna riachtanais seo gur chóir go mbainfeadh an tréimhse thagartha do na sonraí le 2021. Comhaontófar na modhanna seo roimh ré le Eurostat sula gcuirfear ar aghaidh na sonraí.

Scaipfidh Eurostat na sonraí a bhfaighfear ón CSO in éineacht le sonraí ó bhallstáit eile den AE tríd an Mol Daonáirimh a úsáideann sé [7].

Féach anseo le haghaidh tuilleadh eolais ar riachtanais agus rialacháin dhaonáirimh an AE, lena n-áirítear eolas ar hipirchiúib agus ar na riachtanais cearnóg eangaí 1km.

[6] https://international.ipums.org/international/
[7] https://ec.europa.eu/CensusHub2/query.do?step=selectHyperCube&qhc=false

## 7. Comhfhoilseachán de chuid na hÉireann agus Thuaisceart Éireann

Soláthróidh an CSO agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (Northern Ireland Statistics and Research Agency, NISRA) comhthuarascáil de chuid na hÉireann agus Thuaisceart Éireann bunaithe ar shonraí daonáirimh NISRA ó 2021 agus sonraí daonáirimh de chuid an CSO ó 2022. Mar a tharla don Daonáirimh sa bhliain 2011[8], tabharfaidh an tuarascáil torthaí le chéile ón dá dhaonáireamh agus scrúdófar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá dhaonra, agus déanfar anailís ar an athrú atá tagtha orthu ó 2011. Táthar ag súil go gcuirfear an foilseachán seo ar fáil sa bhliain 2024.

## 8. Forbairtí Nua do Dhaonáireamh 2022

Ba mhaith leis an CSO a chur in iúl d'úsáideoirí sonraí daonáirimh go bhfuil roinnt forbairtí nua ann a mbeidh tionchar acu ar an gclár scaipthe.

### 8.1 Úsáid mhéadaithe de Shonraí Riaracháin

Ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha an CSO[9], beidh méadú ar shonraí riaracháin i nDaonáireamh 2022. Bainfear úsáid as sonraí riaracháin chun teicnící iontrálacha barúlacha a fheabhsú, chun athróga breise a chruthú, ar nós Staidéar Allamuigh agus chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh an daonra iomlán clúdaithe. Beidh na sonraí riaracháin a úsáidtear i nDaonáireamh 2022 faoi réir dianrialála príobháideachais agus bearta rialachais sonraí fairsing.

### 8.2 Rialáil um Nochtadh Staidrimh

Chun cloí le Cóid Chleachtais Staidrimh Éireannacha[10] agus Eorpacha[11], tabharfaidh an CSO isteach modhanna straidrimh chun cur le rúndacht na bhfreagróirí i nDaonáireamh 2022. Bunófar na modhanna seo ar chorraíl sonraí agus beidh tionchar acu ar gach eisiúint straidrimh a dhéanfar sa chlár scaipthe do Dhaonáireamh 2022, seachas an Foilseachán Tosaigh.

[8] https://www.cso.ie/en/census/census2011irelandandnorthernireland/
[9] https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/corporatepublications/CSO_Statement_Of_Strategy_2020_-_2023.pdf
[10] https://www.isscop.ie/media/isscopie/documents/ISSCOP_leaflet_single_pages.pdf
[11] https://ec.europa.eu/eurostat/documents/4031688/8971242/KS-02-18-142-EN-N.pdf/e7f85f07-91db-4312-8118-f729c75878c7?t=1528447068000

### 8.3 Teorainneacha & Lonnaíochtaí

In éineacht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, tá an CSO ag déanamh athbhreithniú ar theorainneacha lonnaíochtaí a chruthú leis an aidhm sraith rialacha chomhionainn a chruthú chun limistéir uirbeacha a leagan síos, rud a chinntóidh go bhfui comhsheasmhacht ann agus gur féidir comparáidí a dhéanamh le himeacht aimsire. Tá an obair seo fós idir lámha, ach táthar ag súil go gcuirfidh an CSO nuashonrú ar fáil d'úsáideoirí sula gcuirfear tús leis an gclár scaipthe sa bhliain 2023. Sa chlár scaipthe seo leagfar amach an réasúnaíocht taobh thiar d'aon athrú a dhéantar ar theorainneacha lonnaíochtaí agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh air sin.

## 9. Riachtanais úsáideoirí breise

Tá comhairliúchán oifigiúil d'úsáideoirí curtha i gcrích ag an CSO ar aschur an Daonáirimh 2022, ach is eol don CSO go bhféadfadh sé go bhfuil riachtanais shonraí nua tagtha chun cinn ó shin nó go bhféadfadh riachtanais nua teacht chun cinn sna trí bliana atá romhainn. Más mian le húsáideoirí riachtanais bhreise mar sin a phlé, is féidir leo dul i dteagmháil le daonaireamh@cso.ie nó census@cso.ie chun an moladh atá acu a phlé. Déanfaidh an CSO measúnú ar gach iarratas i gcomhthéacs go mbeidh acmhainní ar fáil agus gealltanais táirge atá ann cheana féin. D'fhéadfadh an CSO doiciméid bhreise a sholáthar ar an Straitéis Scaipthe de réir mar a thagann nuashonruithe chun cinn.

## 10. Amchlár

Tá sé pleanáilte an Réamhfhoilseachán Daonra a fhoilsiú i mhí an Mheithimh 2022, agus foilseofar an liosta táirge mionsonraithe do Dhaonáireamh 2022 agus an t-amchlár sa dara leath de 2022. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gcéim scaipthe de thorthaí mhionsonraithe Daonáirimh 2022 sa bhliain 2023 agus mairfidh sé ar feadh bliain amháin ar a laghad ionas go gcuirfear ar fáil na torthaí atá leagtha amach sa doiciméad straitéise seo.